# An dóigh a gcuireann d'íocaíochtaí rátaí le caiteachas poiblí

Is cuid ríthábhachtach de sheirbhísí líne thosaigh agus de sheirbhísí comhairlí áitiúla iad na rátaí a íocann tú. Sa bhliain 2022-23 bhailigh Seirbhísí Talún agus Maoine (STM) thart faoi £1.4 billiún de rátaí ioncaim ó íocóirí rátaí agus roinneadh an t-ioncam sin idir Tionól Thu-aisceart Éireann agus comhairlí áitiúla.

## Seirbhísí Réigiúnacha a bhíonn ann de bharr ioncam ó rátaí

Is ranníocaíocht thábhachtach iad na rátaí a thacaíonn le réimse seirbhísí poiblí riachtanacha lena n-áirítear:




Tá na céatadáin seo bunaithe ar an chaiteachas acmhainní a bhí beartaithe in 2022-23 agus is é atá i gceist leo léiriú a thabhairt ar an dóigh a gcaitear rátaí seachas nasc díreach le haon chaiteachas ar leith.

## Seirbhísí áitiúla a sholáthraíonn do chomhairle

In 2022-23 bhí £717 milliún de mhaoiniú ó rátaí ceantair ina chuidiú le do chomhairle áitiúil seirbhísí amhail na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

- **Rialú Tógála**
- **Turasóireacht**
- **Aiseanna Fóillíochta/Pobail**
- **Bainistiú Dramhaíola**
- **Sláinte Chomhshaoil**
- **Na hEalaíona, imeacht agus áineas**

Gabh chuig **www.nidirect.gov.uk/contacts** le sonraí teagmhála do chomhairle áitiúla a aimsiú, rud a thabharfaidh tuilleadh eolais faoin dóigh a leithdháileann sí an ranníocaíocht a dhéanann tú ar ioncam ó rátaí.

Land & Property Services
Seirbhísí Talún agus Maoine

Department of Finance
An Roinn Airgeadais
www.finance-ni.gov.uk

## Cad é a tharlóidh mura n-íocann tú do rátaí

Tá ceangal dlí ort do rátaí a íoc - Fiú má thugtar neamhaird ar éileamh ar rátaí, beidh an fiach fós ann. Mura n-íocann tú do bhille rátaí agus mura ndéanann tú teagmháil linn, tabharfaidh STM os comhair na cúirte thú chun aisghabháil a dhéanamh ar an fhiach iomlán agus ar na costais uile lena mbaineann.

Gabh chuig **www.nidirect.gov.uk/rates** nó **www.nibusinessinfo.co.uk/rates** le teacht ar na sonraí iomlána ar na céimeanna a ghlacann STM le rátaí nár íoctar a aisghabháil.

## Ná fan le toghairm le tú a thabhairt os comhair na cúirte

Má tá deacracht agat do bhille rátaí a íoc, glaoigh ar 0300 200 7801 anois. Déanfaidh muid athbhreithniú ar do thosca agus d'fhéadfadh sé go mbeadh muid in ann socruithe eile íocaíochtaí a phlé leat.

Má tá moill ar bith ann sula ndéanann tú teagmháil le STM, tiocfaidh méadú ar an fhiach s'agat agus beidh sé níos deacra socrú íocaíochta ar bith a bhainistiú.

## Luacháil a dhéanamh ar Ionaid Réadmhaoine gnó

### An dóigh a ríomhtar do bhille ráta

Tá luach inrátaithe ar réadmhaoin ar bith, mar a shocraítear tríd an phróisis luachála, ar cheann de na tosca a úsáidtear le do bhille rátaí a ríomh. Luach Caipitiúil an t-ainm a thugtar ar luach inrátaithe ar ionaid réadmhaoine tís (Capital Value) agus Glanluach Bliantúil (Net Annual Value) an t-ainm a thugtar ar ionaid réadmhaoine gnó. Áirítear an bille rátaí ach an Luach Caipitiúil nó an Glanluach Bliantúil a iolrú faoi luach iomlán na rátaí ceantair agus na rátaí réigiúnacha curtha le cheile.

Le tuilleadh eolais, gabh chuig: **www.nidirect.gov.uk/articles/how-rate-bills-are-calculated**

### An bhfuil athrú déanta agat ar do réadmhaoin?

Athrú ar bith atá déanta ar do réadmhaoin, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar luach inrátaithe na réadmhaoine, athruithe amhail sínte, athchóiriú áiléir nó athrú úsáide, agus mar sin dé d'fhéadfadh athrú teacht ar do bhille rátaí. Ní mór duit teagmháil a dhéanamh le STM le go ndé-anfaí athbhreithniú uirthi má tá obair den chineál sin déanta agat.

Sa chás ina bhfuil athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin, tá rátaí fós le híoc, fiú mura bhfuil cónaí inti. I roinnt cásanna ar leith ina ndéantar oibreacha móra struchtúracha lena dtiocfaidh athrú ó bhonn ar charachtar na réadmhaoine, d'fhéadfadh laghdú teacht ar rátaí nuair atá an obair ar siúl. Ina leithéid de chásanna tá sé tábhachtach go ndéanann tú teagmháil le STM a luaithe agus a chuirtear tús leis an obair ach liosta Luachála STM a úsáid ag: **www.finance-ni.gov.uk/topics/property-valuation/valuation-lists**

**Má dhéanann tú teagmháil le STM i ndiaidh don obair a bheith críochnaithe, ní bheidh an t-údarás againn do bhille rátaí a leasú.**

## Is féidir teagmháil a dhéanamh linn

### Ar líne:

**www.nidirect.gov.uk/rates** - do shaoránaigh

**www.nibusinessinfo.co.uk** – d'ionaid réadmhaoine gnó

### Ar an ghuthán:

Glaoigh ar **0300 200 7801**
Déanfar glaonna a mhuirearú de réir an ráta áitiúil / D'fhéadfadh sé go gcosnaíonn glaonna ó ghutháin póca a thuilleadh.

Taobh istigh de TÉ: **+44 28 9049 5794**

Athsheachadóir téacs: **18001 0300 200 7801**

nidirect government services

NIBUSINESS INFO.CO.UK

### Ar r-phost:

**rating@lpsni.gov.uk**

